2025.M71T

2025L014A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Ealaín

## Amharcstaidéar

## Ardleibhéal

## Déardaoin 12 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

150 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa scrúdpháipéar seo:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Domhan an lae inniu | 50 marc | 7 gceist ghearrfhreagra. |
| Roinn B | An Eoraip agus an domhan mór | 50 marc | 6 cheist fadfhreagra. |
| Roinn C | Éire agus a háit sa domhan mór | 50 marc | 6 cheist fadfhreagra. |

Freagair ceisteanna mar seo a leanas:

- Roinn A – Domhan an lae inniu: Freagair **cúig cheist** ar bith.
  (Tá na ceisteanna go léir ar cómharc – 10 marc an ceann).
- Roinn B – An Eoraip agus an domhan mór: Freagair ceist **amháin**.
- Roinn C – Éire agus a háit sa domhan mór: Freagair ceist **amháin**.

Déan tagairt, áit a n-iarrtar sin, do na **léaráidí ar an mbileog a ghabhann** le Roinn A.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i ndeireadh an leabhráin seo. Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tá cead agat sceitsí agus léaráidí lipéadaithe a úsáid mar thaca le do fhreagra más mian leat.
Tá spás le haghaidh sceitsí agus léaráidí ar fáil i ndeireadh gach roinne. Déan deimhin de go bhfuil uimhir gach ceiste (agus an chuid den cheist nuair is gá sin) curtha go soiléir ar gach sceitse nó léaráid.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is le haghaidh sceitsí agus líníochtaí amháin a cheadaítear peann luaidhe, pinn luaidhe dathúcháin san áireamh. Ná húsáid péint ná meán fliuch ar bith eile.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

## Roinn A — Domhan an lae inniu — 50 marc

Freagair **cúig** cheist **ar bith** as an roinn seo.

**Ceist 1** **10 marc**

Tá *Capot* le El Estudio Normal agus Martin Huberman **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan plé ar an saothar ealaíne suíomhoiriúnaithe sin faoi na ceannteidil seo a leanas: úsáid na mbunábhar, scála, foirm, feidhm.

**(b)** Cad iad na ceisteanna tábhachtacha ba chóir a chur san áireamh agus saothar ealaíne sealadach á chruthú le haghaidh féile cheoil lasmuigh? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 2** **10 marc**

Tá *Evening Diner* le Keita Morimoto **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Conas atá braistint peirspictíochta agus doimhneachta cruthaithe ag an ealaíontóir sa phictiúr sin?

**(b)** Cé na smaointe a chuireann an saothar sin in iúl, dar leat? Cosain do fhreagra.

**Ceist 3** **10 marc**

Tugann cláir ealaíontóirí cónaithe deis d'ealaíontóirí maireachtáil agus obair a dhéanamh lasmuigh dá ngnáth-thimpeallacht, rud a thugann am dóibh chun machnamh nó taighde a dhéanamh nó saothar a tháirgeadh.

**(a)** Cé na critéir ealaíne a mbeadh sé tábhachtach amharc-ealaíontóir iad a chomhlíonadh chun áit a fháil ar chlár ealaíontóra cónaithe i do scoil? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**(b)** Conas a d'fhéadfadh ealaíontóir tairbhe a bhaint as cónaitheacht ó thaobh gairme de? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 4** **10 marc**

Tá *Frenzy*, grianghraf le Noel McIntyre a bhfuil duaiseanna buaite aige, **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan plé ar an ngrianghraf sin agus úsáid á baint agat as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh chuí.

**(b)** Cad atá i gceist sa ghrianghraf sin, dar leat? Cosain do fhreagra.

**Ceist 5** **10 marc**

Cuireann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann rochtain ar fáil ar a bhailiúcháin de chartlanna agus nithe eile, amhail leabhair sceitseála, a bhfuil baint acu le stair na healaíne, ar a ardán digiteach nua ar a dtugtar Source.

**(a)** Cén fáth a bhféadfadh sé a bheith úsáideach féachaint ar leabhair sceitseála agus obair forbartha ealaíontóra chomh maith le féachaint ar shaothar críochnaithe an ealaíontóra? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**(b)** Cad iad na buntáistí **agus/nó** na míbhuntáistí príomha a bhaineann le féachaint ar leabhar sceitseála ar ardán digiteach? Mínigh do fhreagra.

**Ceist 6** **10 marc**

Tá vásaí ceirmeacha maisiúla ón tsraith *Gonta* le Natura Ceramica **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Pléigh na saothair ealaíne sin agus úsáid á baint agat as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh chuí.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Cad a cheapann tú a spreag an saothar sin?
Bain úsáid as fianaise atá sa léaráid chun tacú le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7** **10 marc**

Tá éabhlóid tagtha ar dhearadh an chairr, an *Mini Cooper*, ó tugadh isteach é sna 1960idí.
Tá Carr A, *Mini Cooper* ó 1996, agus Carr B, *Mini Cooper* ó 2022, **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan comparáid idir Carr A agus Carr B faoi na ceannteidil seo a leanas: cruth, stíl, sonraí.

**(b)** Cé hiad an spriocmhargadh do Charr B? Cosain do fhreagra.

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc., más rogha leat é a úsáid.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

| Roinn B | An Eoraip agus an domhan mór | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 8 Ealaín Rómhánúil agus Ghotach (c.1000 – 1500idí)**
Déan plé ar thábhacht agus ar fheidhmeanna na dealbhóireachta ar ursaineacha (bealaí isteach) Rómhánúla agus Gotacha.
- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí sonracha.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, stíl, ábhar, gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 9 An Renaissance – an Prótai-, an Luath-, an tArd-Renaissance & an Gothaíochas (c.1300 – 1600idí)**
Conas a tháinig éabhlóid ar an léiriú a rinne ealaíontóirí ar fhíoracha reiligiúnacha **agus/nó** miotaseolaíocha le linn na tréimhse seo?
- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar bhunábhair agus ar theicnící san áireamh agat.

**Ceist 10 Ealaín Bharócach (c.1600 – 1700idí)**
Cuir an Ealaín Bharócach san Iodáil agus an Ealaín Bharócach i dTuaisceart na hEorpa i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.
- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ábhar, réimsí cleachtais, gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 11 Réalachas, Impriseanachas agus Iar-Impriseanachas (c.1850 – 1900idí)**
Conas a thug ealaíontóirí dúshlán na gcur chuige traidisiúnta maidir le comhdhéanamh, spás agus peirspictíocht ina gcuid saothar le linn na tréimhse seo?
- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar mheáin agus ar theicnící san áireamh agat.

**Ceist 12 Nua-Aoiseachas (c.1900 – 1960idí)**
Déan plé ar fhorbairt ceann **amháin** díobh seo a leanas: Fóbhachas, Eispriseanachas, Ciúbachas, Bauhaus, Osréalachas.
- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar mheáin agus ar theicnící san áireamh agat.

**Ceist 13 Tar éis 1960**
Déan plé ar an gcaoi a bhfuil lucht féachana meallta ag Ealaín Choincheapúil **agus/nó** Ealaín Taibhléirithe na tréimhse seo ar bhealaí nua nuálacha.
- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar réimsí cleachtais, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar mheáin agus ar theicnící san áireamh agat.

Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid.

Freagra ar Cheist

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc., más rogha leat é a úsáid.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

## Roinn C Éire agus a háit sa domhan mór 50 marc

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 14 An Ealaín Réamh-Chríostaí (c.4000 RCR – 500 CR)**
Déan plé ar an gcaoi a léiríonn déantáin Éireannacha fianaise ar thrádáil agus idirghníomhú le cultúir eile le linn na tréimhse seo.
- Déan tagairt i do fhreagra do dhéantáin shonracha.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar bhunábhair agus teicnící, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 15 Ealaín na nOileán (c.500 – 1100idí)**
Rianaigh bunús agus éabhlóid Ardchrosa na hÉireann le linn na tréimhse seo.
- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí ainmnithe.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar íomhánna, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar an nuálaíocht agus ar an aireag san áireamh agat.

**Ceist 16 Ailtireacht agus Ealaín na Meánaoise Déanaí (c.1100 – 1550idí)**
Conas a léirigh dearadh scrínte **agus/nó** taiseagán le linn na tréimhse seo deabhóid reiligiúnach agus nuálaíocht ealaíonta?
- Déan tagairt i do fhreagra do dhéantáin shonracha.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar bhunábhair agus ar theicnící san áireamh agat.

**Ceist 17 An tréimhse Sheoirseach (c.1720 – 1800idí)**
Déan anailís ar thionchar na pleanála ar an bhforbairt uirbeach in Éirinn sa tréimhse Sheoirseach.
- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí ailtireachta.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar bhunábhair agus teicnící, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar an nuálaíocht agus ar an aireag san áireamh agat.

**Ceist 18 Ealaín agus Nua-Aoiseachas na hÉireann (c.1880 – 1960idí)**
Déan plé ar an gcaoi a raibh tionchar ag athruithe móra cultúir agus polaitíochta na linne ar ealaín na tréimhse seo.
- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar ghnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar mheáin agus ar theicnící san áireamh agat.

**Ceist 19 Tar éis 1960**
Cuir **beirt** ealaíontóirí i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile is ealaíontóirí a bhfuil úsáid bainte acu as aon cheann díobh seo a leanas le linn na tréimhse seo: grianghrafadóireacht, scannánaíocht, físeán **nó** meáin lionsabhunaithe eile.
- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar chomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid.

Freagra ar Cheist

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc., más rogha leat é a úsáid.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise le haghaidh freagraí: Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc., más rogha leat é a úsáid.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Admhálacha**

**Téacs**
Lch 5: Ceist 3
Arna chur in oiriúint ó https://news.artnet.com/art-world/art-demystified-artist-residencies-649592
(Rochtain déanta: 05 Samh. 2024)
Lch 7: Ceist 5
Arna chur in oiriúint ó https://www.sourcenationalgallery.ie/about
(Rochtain déanta: 05 Samh. 2024)

**Íomhánna**
Lch 3: Ceist 1
El Estudio Normal agus Martin Huberman. *Capot.* 2023. Boinéid carranna Volkswagen, miotal.
Féile Lollapalooza, An Airgintín.
https://www.designboom.com/art/95-reused-car-hoods-pine-cone-installation-lollapalooza-martin-huberman-el-estudio-normal-04-07-2023/
https://normal.format.com/capot
Grianghraf le Felipe Gaggero
(Rochtain déanta: 05 Samh. 2024)
Lch 4: Ceist 2
Keita Morimoto. *Evening Diner*. 2023. Aicrileach agus ola ar línéadach. A162 cm x L130.3 cm.
https://www.artsy.net/artwork/keita-morimoto-evening-diner
(Rochtain déanta: 05 Samh. 2024)
Lch 6: Ceist 4
Noel McIntyre. *Frenzy*. 2024. Grianghraf dubh is bán.
https://www.facebook.com/motionpicturemediafilms/
(Rochtain déanta: 05 Samh. 2024)
Lch 8: Ceist 6
Natura Ceramica. Vásaí ón tsraith *Gonta*. 2022. Cré cheirmeach agus blúirí de sheanbhairillí darach.
https://www.thisiscolossal.com/2023/04/natura-ceramica-sculptures/
(Rochtain déanta: 05 Samh. 2024)
Lch 9: Ceist 7
Carr A: Rover Group. *Mini Cooper, Leagan teoranta don Chuimhneachán 35 Bliana.* 1996.
https://auctions.wbandsons.com/auction/lot/102-1996-mini-cooper-35th-anniversary/?lot=126&sd=1.
Carr B: BMW Group. *Mini Cooper, Leagan British Racing Green don Chuimhneachán*. 2022.
https://www.autoevolution.com/news/2022-mini-anniversary-edition-presented-with-british-racing-green-paint-39900-msrp-171027.html
(Rochtain déanta: 05 Samh. 2024).

## Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Ealaín Amharcstaidéar

Déardaoin 12 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30